
Coirib go Cósta
Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe
Galway City Flood Relief Scheme

Clár

8




## Rannpháirtíocht Phoiblí - Lá Uimh.2


# Bóthar na Trá – Páirc Toft

Limistéar cónaithe is ea Bóthar na Trá ata i mbaol tuilte ón taoide agus tuilte mar gheall ar scaileogú. Sa limistéar thart ar Pháirc Toft, tuile ón taoide is ea an phríomhchúis le tuile mar gheall ar leibhéal íseal na talún. Tá sé mar aidhm leis na bearta atá molta cosaint a thabhairt don réadmhaoin agus sócmhainní atá laistiar den chosaint agus an tionchar ar radhairc na farraige, ar an bpromanáid, ar pháirceanna agus ar na gníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl ar an láthair seo a íoslaghdú.

## Ceisteanna maidir le Páirc Toft




## Cúrsaí mar atá faoi láthair








## Rogha 1: Balla le Taobh na Farraige agus an Bóthar agus Promanáid a ardú

Baineann na roghanna le balla cosanta tuilte a chur feadh thaobh na farraige den phromanáid. Déantar an bóthar agus na cosáin a chosaint de réir chaighdeán cosanta na scéime. Moltar talamh a ardú chun cuma an bhalla ó thaobh airde de ón mbóthar agus ó chosáin a ísliú.

### Na Príomhghnéithe

1. Balla cosanta tuilte 1.1m os cionn na talún atá beartaithe
2. An bóthar agus cosán reatha a ardú 0.5 - 0.7m
3. Balla reatha tréscaoilteach









## Rogha 2: An Phromanáid a ardú agus Balla taobh thiar den Phromanáid

Baineann an rogha seo le balla cosanta tuilte ar thaobh an bhóthair den phromanáid. Déantar an bóthar a chosaint de réir chaighdeán cosanta na scéime. Beidh roinnt pointí rochtana sa bhalla feadh Phromanáid Rinn na Mara. Suiteálfar cosaint in-díshuite/ geata tuilte i ngach pointe rochtana.

### Na Príomhghnéithe

1. Cosán reatha a ardú 0.1 - 0.5m
2. Balla cosanta tuilte 1.1m os cionn na talún atá beartaithe
3. An spás carrchlóis atá ann faoi láthair a bhaint
4. Balla reatha tréscaoilteach




## Rogha 3: Ailíniú an Bhalla Reatha

Baineann an rogha seo le balla cosanta tuilte a leanann ailíniú an bhalla reatha os comhair Galway Atlantaquaria, a shíneofar feadh an charrchlóis agus Pháirc Toft. Atógfar an balla reatha mar bhalla cosanta tuilte. Ní dhéantar an bóthar ná na cosáin a chosaint mar chuid den rogha seo. Moltar an talamh faoi bhóithre rochtana áitiúla a ardú d'fhonn líon na mbacainní in-díshuite/ geataí tuilte a bheidh ag teastáil a íoslaghdú, ach beidh roinnt acu ag teastáil fós le go mbeadh bealach isteach chuig Páirc Toft agus Galway Atlantaquaria ó Phromanáid Rinn na Mara.

### Na Príomhghnéithe

1. Balla cosanta tuilte 0.5 – 1.4m os cionn na talún reatha

**Nóta 1:** In éineacht leis an méid thuas, bheadh caighdeán cosanta níos fearr ag an mbóthar agus ag an gcosán ná mar atá ann faoi láthair tríd an talamh a ardú nó trí bhalla íseal a chur ar thaobh na farraige. Leis an méid sin, laghdófaí an líon babhtaí a gcaithfí an bóthar a dhúnadh le linn mioneachtraí tuile.







## Rogha 4: Ailíniú an Bhalla Reatha & an Chlaífoirt Tuilte

Baineann an rogha seo le balla cosanta tuilte a leanann ailíniú an bhalla reatha os comhair Galway Atlantaquaria, leanann sé feadh an charrchlóis agus síneann sé trí Pháirc Toft le claífort tuilte. Atógfar an balla reatha mar bhalla cosanta tuilte. Ní dhéantar an bóthar ná na cosáin a chosaint mar chuid den rogha seo. Moltar an talamh faoi bhóithre rochtana áitiúla a ardú d'fhonn líon na mbacainní in-díshuite/ geataí tuilte a bheidh ag teastáil a íoslaghdú, ach beidh roinnt acu ag teastáil fós le go mbeadh bealach isteach chuig Páirc Toft agus Galway Atlantaquaria ó Phromanáid Rinn na Mara.

### Na Príomhghnéithe

1. Claífort cosanta tuilte 0.6 - 1.1m os cionn na talún reatha







**Is chun críocha léiritheacha amháin atá an léaráid ealaíontóra maidir leis na tograí a léirítear thuas. Beidh an rogha scéime is mó a bhfuil luí léi faoi réir dearadh mionsonraithe, lena n-áireofar, ach gan a bheith teoranta do mheasúnaithe teicniúla, ceaduithe pleanála, rannpháirtíocht bhreise leis an bpobal agus leis na páirtithe leasmhara agus ceanglais reachtúla nó rialála eile. D'fhéadfadh sé go mbeadh difríocht sna hábhair tógála a úsáidfear agus sa bhailchríoch/chuma a bheidh ar na gnéithe.**


Tionscadal Éireann Project Ireland 2040
OPW Oifig na nOibreacha Poiblí Office of Public Works
Comhairle Cathrach na Gaillimhe Galway City Council
BSM Est. 1968 Brady Shipman Martin. Built. Environment.
ARUP


Scála an Phóstaeir: A0